Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Deireadh Fómhair 2023 (OR. en)**

**14454/23**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2023/0383(NLE)**

**ECOFIN 1066**
**FIN 1069**
**UEM 328**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 19 Deireadh Fómhair 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 674 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (10159/21; ST 10159/21 ADD 1; ST 10159/21 COR 1 an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hOstaire |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 674 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 674 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 19.10.2023
COM(2023) 674 final

2023/0383 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (10159/21; ST 10159/21 ADD 1; ST 10159/21 COR 1 an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hOstaire**

{SWD(2023) 344 final}

GA GA

2023/0383 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (10159/21; ST 10159/21 ADD 1; ST 10159/21 COR 1 an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hOstaire

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh don Ostair an plean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta a thíolacadh an 30 Aibreán 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. D'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021[2].

(2) De bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2021/241, ba cheart an ranníocaíocht uasta airgeadais i gcomhair thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha gach Ballstáit a nuashonrú faoin 30 Meitheamh 2022 i gcomhréir leis an modheolaíocht dá bhforáiltear ann. An 30 Meitheamh 2022, chuir an Coimisiún torthaí an nuashonraithe sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

(3) An 14 Iúil 2023, chuir an Ostair plean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU i gcomhréir le hAirteagal 21c de Rialachán (AE) 2021/241, faoi bhráid an Choimisiúin.

(4) Áirítear leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta iarraidh réasúnaithe don Choimisiún moladh a dhéanamh don Chomhairle an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241 lena meastar nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach a thuilleadh i ngeall go páirteach ar imthosca oibiachtúla. Bhain na modhnuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Ostair isteach le 14 bheart.

(5) An 14 Iúil 2023 chuir an Chomhairle moltaí faoi bhráid na hOstaire i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh. Go sonrach, mhol an Chomhairle don Ostair go ndéanfadh sí

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.
[2] ST 10159/21; ST 10159/21 ADD 1; ST 10159/21 COR 1.

na bearta tacaíochta fuinnimh éigeandála atá i bhfeidhm a fhoirceannadh a luaithe is féidir in 2023 agus 2024. Moladh don Ostair freisin beartas fioscach stuama a áirithiú, go háirithe tríd an méadú ainmniúil ar an nglanchaiteachas príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta in 2024 a theorannú do 4.6 % ar a mhéad, trí infheistíocht phoiblí arna maoiniú go náisiúnta a chaomhnú agus trína áirithiú go n-ionsúfar deontais faoin bplean téarnamh agus athléimneachta agus cistí eile de chuid an Aontais go héifeachtach, go háirithe chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chothú. Don tréimhse tar éis 2024, moltar go dtabharfar faoi straitéis fhioscach mheántéarmach maidir le comhdhlúthú inbhuanaithe de réir a chéile, mar aon le hinfheistíochtaí agus athchóirithe atá fabhrach d'fhás inbhuanaithe níos airde, chun staid fhioscach stuama mheántéarmach a bhaint amach. Mhol an Chomhairle freisin go n-áiritheodh an Ostair leordhóthanacht agus inbhuanaitheacht fhioscach a córais cúraim fhadtéarmaigh agus inbhuanaitheacht fhioscach a córais cúraim sláinte. Ina theannta sin, moladh don Ostair an caidreamh fioscach agus na freagrachtaí fioscacha a shimpliú agus a réasúnú ar fud na sraitheanna rialtais agus feabhas a chur ar a meascán cánach chun tacú le fás cuimsitheach agus inbhuanaithe. Thairis sin, mhol an Chomhairle gur cheart don Ostair leanúint dá plean téarnaimh agus athléimneachta agus dá cláir bheartais chomhtháthaithe a chur chun feidhme go seasta agus caibidil REPowerEU a thabhairt chun críche go pras chun tús a chur go tapa lena cur chun feidhme. Thairis sin, mhol an Chomhairle don Ostair borradh a chur faoi rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair, lena n-áirítear trí fheabhas a chur sheirbhísí cúraim leanaí ar ardchaighdeán, agus feabhas a chur ar thorthaí mhargadh an tsaothair do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste, amhail cuardaitheoirí poist ar bheagán oiliúna agus daoine a mbaineann cúlra imirceach leo, lena n-áirítear trína leibhéil bunscileanna a ardú. Maidir leis na dúshláin atá roimh an Ostair maidir le fuinneamh, mhol an Chomhairle don Ostair a spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus foinsí soláthair gáis a éagsúlú chun spleáchas ar an Rúis a laghdú. Mhol sé freisin don Ostair dlús a chur le húsáid fuinnimh in-athnuaite agus leis an mbonneagar riachtanach, lena n-áirítear trí nósanna imeachta ceadaithe a shimpliú, agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú. Ar deireadh, mhol an Chomhairle laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí, go háirithe san earnáil iompair, agus dlús a chur le hiarrachtaí beartais a dhírítear ar na scileanna is gá don aistriú glas a sholáthar agus a shealbhú.

(6) Cuireadh isteach an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe tar éis próiseas comhairliúcháin a rinneadh i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil náisiúnta, a raibh údaráis áitiúla agus réigiúnacha, comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí sochaí sibhialta, eagraíochtaí don óige, agus páirtithe leasmhara ábhartha eile páirteach ann. Cuireadh isteach an t- achoimre ar na comhairliúcháin in éineacht leis an bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe.

(7) De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, i gcomhréir leis na treoirlínte um measúnú a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin.

***Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán 2021/241***

(8) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Ostair isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 14 bheart .

(9) Mhínigh an Ostair nach féidir trí sprioc a bhaineann le dhá bheart a bhaint amach a thuilleadh mar gheall ar shuaitheadh na slabhraí soláthair a raibh méaduithe ar chostais mar thoradh air. Baineann sé sin le spriocanna 15 agus 16 faoi seach, d'infheistíocht

1.B.3 (Nialas - busanna astaíochtaí) chomh maith leis an tuairisc ar an infheistíocht sin agus sprioc 40 um athchóiriú 1.D.1 (An Dlí um Méadú ar Fhoinsí Fuinnimh In-athnuaite) chomh maith leis an tuairisc ar an athchóiriú sin faoi chomhpháirt 1 (Téarnamh Inbhuanaithe). D'fhonn uaillmhian an phlean téarnaimh agus athléimneachta a choinneáil, d'iarr an Ostair sprioc 39 d'athchóiriú 1.D.1 (An Dlí um Méadú ar Fhoinsí Fuinnimh In-athnuaite) faoi chomhpháirt 1 (Téarnamh Inbhuanaithe) a mhéadú. Ar an mbonn sin, d'iarr an Ostair spriocanna 15, 16 agus 40 a laghdú agus sprioc 39 a mhéadú, agus ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.

(10) Mhínigh an Ostair nach féidir dhá sprioc agus garsprioc amháin a bhaineann le trí bheart a bhaint amach a thuilleadh san amlíne cur chun feidhme ar leith mar gheall ar shuaitheadh na slabhraí soláthair a raibh moill ar sheachadadh na n-ábhar riachtanach agus ar chinntí infheistíochta mar thoradh air. Baineann sé sin faoi seach le sprioc 42 d'infheistíocht 1.D.2 (An tionscal a aistriú i dtreo aeráidneodrachta) faoi chomhpháirt 1 (Téarnamh Inbhuanaithe), sprioc 103 d'infheistíocht 3.D.2 (Hidrigin IPCEI) faoi chomhpháirt 3 (Téarnamh bunaithe ar Eolas) agus garsprioc 138 d'infheistíocht 4.C.3 (Athchóiriú Volkskundemuseum Wien agus Prater Ateliers) faoi chomhpháirt 4 (Téarnamh Cóir). Ar an mbonn sin, d'iarr an Ostair síneadh a chur le hamlíne chur chun feidhme na garsprice thuasluaite, agus athbhreithniú a dhéanamh ar ábhar na spriocanna chun freastal ar na moilleanna. Chun na hathruithe réamhluaite a dhéanamh, ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.

(11) Mhínigh an Ostair nach féidir sé cinn de na spriocanna a bhaineann le dhá bheart a bhaint amach a thuilleadh mar gheall ar chostais mhéadaithe. Baineann sé sin, faoi seach, le spriocanna 46, 47 agus 48 d'infheistíocht 2.A.2 (Infhaighteacht fhorleathan líonraí rochtana Gigighiotán-chumasaithe agus naisc nua shiméadracha Gigighiotán a chruthú) chomh maith leis an tuairisc ar an infheistíocht sin faoi chomhpháirt 2 (Téarnamh Digiteach) agus spriocanna 108, 109 agus 110 d'infheistíocht 4.A.2 (Maoiniú tionscadal cúraim sláinte phríomhúil) faoi chomhpháirt 4 (Téarnamh Cóir). D'iarr an Ostair na spriocanna réamhluaite a leasú agus a laghdú, agus ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.

(12) Mhínigh an Ostair nach féidir dhá cheann de na spriocanna a bhaineann le dhá bheart a bhaint amach a thuilleadh toisc go bhfuil roghanna malartacha níos fearr ann maidir le huaillmhianta bunaidh na mbeart a bhaint amach. Baineann sé sin, faoi seach, le spriocanna 7 agus 8 d'infheistíocht 1.A.3 (An bhochtaineacht fuinnimh a chomhrac) agus leis an tuairisc ar an infheistíocht sin faoi chomhpháirt 1 (Téarnamh Inbhuanaithe) agus leis an tuairisc ar infheistíocht 1.D.2 (An tionscal a aistriú i dtreo aeráidneodrachta) faoi chomhpháirt 1 (Téarnamh Inbhuanaithe). Ar an mbonn sin, d'iarr an Ostair spriocanna 7 agus 8 a leasú agus a laghdú, an tuairisc ar infheistíocht 1.D.2 a leasú, agus ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.

(13) Mhínigh an Ostair nach féidir ocht sprioc agus garsprioc amháin a bhaineann le trí bheart a bhaint amach a thuilleadh mar gheall ar easpa éilimh ó thairbhithe féideartha. Baineann sé sin, faoi seach, le garsprioc 60 d'infheistíocht 2.C.2 (riarachán poiblí an chiste don digitiú) chomh maith leis an tuairisc ar an infheistíocht sin faoi chomhpháirt 2 (Téarnamh Digiteach), spriocanna 70 agus 72 d'infheistíocht 2.D.3 (Infheistíochtaí glasa i bhfiontair) faoi chomhpháirt 2 (Téarnamh Digiteach) agus spriocanna 123, 124, 125, 126, 127 agus 128 d'infheistíocht 4.B.3 (Lár bailte atá neamhdhíobhálach don aeráid) faoi chomhpháirt 4 (Téarnamh Cóir). D'fhonn uaillmhian an phlean téarnaimh agus athléimneachta a choinneáil, d'iarr an Ostair sprioc 71 d'infheistíocht 2.D.3

(Infheistíochtaí glasa i bhfiontair) faoi chomhpháirt 2 (Téarnamh Digiteach) a mhéadú. Ar an mbonn sin, d'iarr an Ostair garsprioc 60 a leasú, spriocanna 70, 72, 123, 126 agus 127 a laghdú, sprioc 71 a mhéadú agus spriocanna 124, 125 agus 128 a bhaint, agus ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.

(14) Mhínigh an Ostair nach féidir dhá sprioc a bhaineann le beart amháin a bhaint amach a thuilleadh mar gheall ar mhoilleanna ar sholáthar poiblí. Baineann sé sin, faoi seach, le spriocanna 54 agus 55 in infheistíocht 2.B.2 (Gléasanna digiteacha úsáideora deiridh a sholáthar do dhaltaí) faoi chomhpháirt 2 (Téarnamh Digiteach). Ar an mbonn sin, d'iarr an Ostair an dá sprioc sin a chumasc, síneadh a chur leis an amlíne cur chun feidhme agus na tuairiscí ar bhearta agus spriocanna a leasú, agus ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.

(15) Mhínigh an Ostair nach féidir dhá sprioc a bhaineann le beart amháin a bhaint amach a thuilleadh san amlíne cur chun feidhme ar leith mar gheall ar ghanntanais saothair, athruithe ar phatrúin oibre chomh maith le dúnadh sealadach naíscoileanna a bhaineann le tionchar phaindéim COVID-19. Baineann sé sin, faoi seach, le spriocanna 95 agus 96 d'infheistíocht 3.C.3 (Leathnú an bhunoideachais) agus leis an tuairisc ar an infheistíocht sin faoi chomhpháirt 3 (Téarnamh bunaithe ar Eolas). Ar an mbonn sin, d'iarr an Ostair síneadh a chur le hamlíne chur chun feidhme na spriocanna réamhluaite, na tuairiscí ar sprioc 95 agus ar infheistíocht 3.C.3 a leasú, agus ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.

(16) Mhínigh an Ostair nach féidir dhá sprioc a bhaineann le beart amháin a bhaint amach a thuilleadh san amlíne cur chun feidhme ar leith mar gheall ar thionchar phlódú isteach na ndaoine easáitithe arna spreagadh mar gheall ar chogadh foghach na Rúise faoin Úcráin. Baineann sé sin le spriocanna 90 agus 91 d'athchóiriú 3.C.1 (Rochtain fheabhsaithe ar oideachas) faoi chomhpháirt 3 (Téarnamhbunaithe ar Eolas). Ar an mbonn sin, d'iarr an Ostair spriocanna 90 agus 91 a bhaint, garspriocanna 90a, 90b agus 91a a chur leis, agus an tuairisc ar an mbeart a leasú, agus ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.

(17) Measann an Coimisiún, leis na cúiseanna arna gcur chun cinn ag an Ostair, go bhfuil údar maith leis an leasú de bhun Airteagal 21(2) den Rialachán sin.

(18) Ba cheart dáileadh na ngarspriocanna agus na spriocanna i dtráthchodanna a leasú chun an leithdháileadh nua, na leasuithe ar an bplean agus an amlíne tháscach a chuir an Ostair i láthair a chur san áireamh.

*Ceartúcháin ar earráidí cléireachais*

(19) Sainaithníodh seacht n-earráid chléireachais i dtéacs an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle, a bhaineann le trí gharsprioc agus sprioc chomh maith le ceithre thuairisc ar bhearta faoi ocht mbeart. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú chun na hearráidí cléireachais sin a cheartú, earráidí nach dtagann le hábhar an phlean téarnaimh agus athléimneachta a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 30 Aibreán 2021, mar a comhaontaíodh idir an Coimisiún agus an Ostair. Baineann na hearráidí cléireachais sin leis an tuairisc ar athchóiriú 3.A.1 (Straitéis Taighde, Nuálaíochta agus Teicneolaíochta 2030 (Straitéis RTI 2030)), leis an tuairisc ar infheistíocht 3.A.4 (Bonneagair Taighde (Dhigiteacha)), le líon agus ainm na hinfheistíochta 3.B.2 (Athsciliú agus uas-sciliú a chur chun cinn) sa tábla 'J.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí, agus amchlár maidir le faireachán agus cur chun feidhme le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha', sa ró le haghaidh garsprioc 87, an tuairisc ar athchóiriú 4.A.1 (Cúram sláinte príomhúil a fheabhsú), an

tuairisc ar athchóiriú 4.B.1 (Straitéis cosanta ithreach), garsprioc 146 d'athchóiriú 4.D.1 (Athbhreithniú caiteachais a dhírítear ar an aistriú glas agus ar an aistriú digiteach) chomh maith le garsprioc 159 d'athchóiriú 4.D.5 (Athchóiriú cánach éicea-shóisialta) faoi chomhpháirt 4 (Téarnamh Cóir). Ní dhéanann na ceartúcháin sin difear do chur chun feidhme na mbeart lena mbaineann.

*Caibidil REPowerEU bunaithe ar Airteagal 21c de Rialachán 2021/241*

(20) I gcaibidil REPowerEU tá dhá athchóiriú nua agus infheistíocht nua amháin. Baineann Athchóiriú 5.A.1 (Luasghéarú nósanna imeachta ceadaithe le haghaidh foinsí in-athnuaite fuinnimh) leis an leasú ar an dlí náisiúnta um measúnú tionchair ar an gcomhshaol. Is é is aidhm dó cuíchóiriú a dhéanamh ar nósanna imeachta ceadaithe le haghaidh tionscadail fuinnimh in-athnuaite, trí shimpliú tábhachtach nós imeachta a thabhairt isteach. Baineann Athchóiriú 5.A.2 (Hidrigin mar phríomhtheicneolaíocht maidir le haeráidneodracht) le Straitéis Hidrigine náisiúnta a ghlacadh agus príomhbhearta inti chur chun feidhme. Scéim fóirdheontais is ea Infheistíocht 5.B.1 (Córais fhótavoltacha) do dhaoine aonair príobháideacha a thacaíonn le suiteáil agus le leathnú córas fótavoltach le stóráil leictreachais nó gan stóráil leictreachais, rud a chuirfidh dlús le leathnú fuinnimh in-athnuaite.

(21) Cuimsítear i gcaibidil REPowerEU freisin infheistíocht 5.B.2 (Feithiclí agus bonneagar tráchtála astaíochtaí nialasacha a mhaoiniú), ar méadú é ar infheistíocht 1.B.4 (Feithiclí fóntais astaíochtaí nialasacha) faoi chomhpháirt 1 (Téarnamh Inbhuanaithe). Baineann an beart méadaithe le scéim nua maoiniúcháin lena ndírítear ar fheithiclí tráchtála tromshaothair astaíochtaí nialasacha agus ar bhonneagar luchtaithe gaolmhar, lena dtacaítear le laghdú ar astaíochtaí in iompar de bhóthar. Tugtar feabhas substainteach isteach leis ar leibhéal uaillmhéine na hinfheistíochta atá sa phlean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta cheana.

(22) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán 2021/241.

*Freagairt chothrom lena gcuirtear leis na sé cholún*

(23) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (a) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, is é atá sa phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n- áirítear caibidil REPowerEU, den chuid is mó (Rátáil A), freagairt chuimsitheach agus chothromaithe leormhaith ar an staid eacnamaíoch agus shóisialta, rud a chuireann go hiomchuí le gach ceann de na sé cholún dá dtagraítear in Airteagal 3 den Rialachán sin, agus na dúshláin shonracha atá os comhair an Bhallstáit lena mbaineann agus an leithdháileadh airgeadais don Ostair á gcur san áireamh.

(24) Cuireadh i láthair sa phlean téarnaimh agus athléimneachta tosaigh, freagairt chuimsitheach agus chuí-chothromaithe ar an staid eacnamaíoch agus shóisialta, rud a chuir le gach ceann de na sé cholún dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2021/241, agus dúshláin shonracha agus leithdháileadh airgeadais na hOstaire á gcur san áireamh.

(25) Measann an Coimisiún nach mbeidh tionchar ag modhnú an phlean mar aon le caibidil REPowerEU ach ar an measúnú ar rannchuidiú an phlean téarnaimh agus athléimneachta leis an gcéad cholún maidir leis an aistriú glas, leis an dara colún maidir leis an aistriú digiteach agus leis an séú colún maidir leis an gcéad ghlúin eile. Maidir leis na colúin eile, níl tionchar ag cineál agus méid na modhnuithe atá

beartaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta ar an measúnú a rinneadh roimhe seo ar an bplean arbh é a bhí i gceist leis den chuid is mó freagairt chuimsitheach agus chuí-chothromaithe ar an staid eacnamaíoch agus shóisialta, agus ar a rannchuidiú iomchuí le gach ceann de na sé cholún dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2021/241.

(26) Maidir leis an gcolún don aistriú glas, áirítear i gcaibidil REPowerEU athchóirithe agus infheistíochtaí lena rannchuidítear le sciar an fhuinnimh in-athnuaite a mhéadú agus dlús a chur le húsáid an fhuinnimh in-athnuaite, le méadú ar tháirgeadh hidrigine in-athnuaite agus ar ghlacadh hidrigine in earnálacha ar deacair iad a dhícharbónú seachas sin, le comhtháthú an fhuinnimh in-athnuaite ina chóras fuinnimh a leathnú agus a luathú chomh maith le tacú le hiompar astaíochtaí nialasacha agus lena bhonneagar.

(27) Maidir le colún an aistrithe dhigitigh, le modhnuithe na mbeart laghdaíodh an méid a chuireann an plean mhodhnaithe leis an gcolún seo. Baineann príomhthionchar an athbhreithnithe le hinfheistíocht a dhéanamh in úsáid na líonraí Gigighiotán-chumasaithe agus le hinfheistíocht a dhéanamh sa Chiste Digitithe don riarachán poiblí, le laghdú EUR 488 milliún ar an ranníocaíocht leis an sprioc dhigiteach. Mar sin féin, tá rannchuidiú digiteach an phlean mhodhnaithe fós i bhfad os cionn na tairsí íosta 20 % (i.e. 36 %), rud a thugann fianaise ar an rannchuidiú tábhachtach a chuirfidh cur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta leis an aistriú digiteach.

(28) Maidir leis an gcéad cholún eile den chéad ghlúin eile, ní laghdaítear uaillmhian an phlean tosaigh leis an bplean modhnaithe . Ní bheidh tionchar ag baint na sprice idirmheánaí ón infheistíocht maidir le gléasanna digiteacha a sholáthar do dhaltaí ar an sprioc fhoriomlán. Cuirtear dhá gharsprioc in ionad na sprice maidir le daltaí atá incháilithe le haghaidh ardú céime ón 5ú scoilbhliain arb é is aidhm dóibh na measúnuithe caighdeánaithe náisiúnta ar an 'Measúnú Inniúlachta Aonair PLUS' (iKMPLUS) a chur i bhfeidhm go hiomlán agus a leathnú le modúil bhreise ionas go mbeidh rochtain ag daltaí ar mheasúnú caighdeánaithe lena soláthrófar aiseolas dóibh ar a ndul chun cinn foghlama. Cuirtear garsprioc nua in ionad na sprice ar dhaltaí ó chúlra imirce a bhfuil céim mheánleibhéil II bainte amach acu arb é is aidhm di critéir a bhunú le haghaidh sonraíocht bhunlíne shocheacnamaíoch na scoileanna lena dtreorófar leithdháileadh acmhainní daonna ar scoileanna freisin.

***Aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile nó ar fhothacar suntasach de na dúshláin a shainaithnítear sna moltaí tírshonracha***

(29) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go gcuirfidh an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n- áirítear caibidil REPowerEU le haghaidh a thabhairt go héifeachtach ar gach dúshlán nó ar fhothacar suntasach dúshlán (Rátáil A) arna sainaithint sna moltaí tírshonracha ábhartha, a dhírítear chuig an Ostair, lena n- áirítear gnéithe fioscacha díobh nó dúshláin arna sainaithint i ndoiciméid ábhartha eile arna nglacadh go hoifigiúil ag an gCoimisiún i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

(30) Go sonrach, cuirtear san áireamh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na moltaí tírshonracha a ghlac an Chomhairle go foirmiúil sula ndearna an Coimisiún measúnú ar an bplean modhnaithe. Ós rud é go ndearnadh an leithdháileadh uasta airgeadais don Ostair a choigeartú suas, déantar moltaí struchtúracha uile 2022 agus 2023 a mheas sa mheasúnú foriomlán.

(31) I ndiaidh measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme na moltaí tírshonracha uile tráth a cuireadh isteach an plean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta modhnaithe, suíonn an Coimisiún gur cuireadh chun feidhme ina iomláine moladh 2022.1.3 maidir le tabhair faoi bheartas fioscach arb é is aidhm dó staideanna fioscacha meántéarmacha stuama a bhaint amach. Tá dul chun cinn suntasach déanta i ndáil le moladh 2022.1.2 maidir le méadú ar an infheistíocht phoiblí don aistriú glas agus don aistriú digiteach agus moladh 2020.3.1 maidir le bearta leachtachta agus tacaíochta a chur chun feidhme, go háirithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide.

(32) Áirítear leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe sraith fhairsing d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus a chuidíonn le haghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta ar fad nó ar fhothacar suntasach de na dúshláin sin a leagtar amach sna moltaí tírshonracha a dhírigh an Chomhairle ar an Ostair i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, go háirithe chun dlús a chur le húsáid fuinnimh in-athnuaite agus leis an mbonneagar is gá agus chun astaíochtaí san earnáil iompair a laghdú. Thairis sin, áirítear leo méadú a dhéanamh ar an infheistíocht san aistriú digiteach, inbhuanaitheacht an chórais cúraim sláinte a áirithiú, feabhas a chur ar sheirbhísí cúraim leanaí agus comhdheiseanna san fhoghlaim a áirithiú agus bunscileanna a mhéadú, d'fhonn feabhas a chur ar thorthaí mhargadh an tsaothair do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste, amhail cuardaitheoirí poist ar bheagán oiliúna agus daoine as cúlra imirceach.

(33) Táthar ag súil go gcuideoidh caibidil REPowerEU le huaillmhian an phlean a threisiú a mhéid a bhaineann leis na moltaí tírshonracha ábhartha a dtugtar aghaidh orthu i réimse an fhuinnimh agus an aistrithe ghlais. Go sonrach, áirítear ar na hiarrachtaí chun dlús a chur leis an méadú ar fhuinneamh in-athnuaite agus chun spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú (Moltaí tírshonracha 2019.3.3., 2020.3.7., 2022.4.1., 2022.4.2., 2023.4.1. agus 2023.4.2.) athchóiriú an dlí náisiúnta um measúnú tionchair ar an gcomhshaol, arb é is aidhm dó an próiseas ceadaithe a chuíchóiriú agus, ar an dóigh sin, cur chun feidhme tionscadal fuinnimh in-athnuaite a éascú. Leis infheistíocht sa scéim fóirdheontais chun córais fhótavoltacha 'dín' a shuiteáil agus a leathnú, chun glacadh an ghrianfhuinnimh i bhfoirgnimh a dhreasú, táthar le cur freisin leis an méadú ar fhuinneamh in-athnuaite agus ar an infheistíochta san aistriú glas (Moltaí tírshonracha 2019.3.3.3., 2020.3.7., 2022.4.2., 2023.4.3.). Mar an gcéanna, meastar go gcuirfidh an Straitéis Hidrigine náisiúnta, arb é is aidhm di táirgeadh agus úsáid hidrigine in-athnuaite san Ostair a mhéadú, le táirgeadh agus úsáid fuinnimh in-athnuaite san Ostair a mhéadú agus le spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú (Moltaí tírshonracha 2019.3.1., 2019.3.3.3., 2020.3.5., 2020.3.7., 2022.4.2., 2023.4.3.). Ar deireadh, leis an scéim um maoiniú le haghaidh feithiclí tráchtála tromshaothair astaíochtaí nialasacha agus bonneagar luchtaithe, arb é is aidhm di astaíochtaí san iompar de bhóthar a laghdú, meastar go dtabharfar aghaidh go héifeachtach ar roinnt dúshlán a bhaineann le hinfheistíochtaí san aistriú glas agus sa tsoghluaisteacht inbhuanaithe chomh maith le laghdú ar astaíochtaí san earnáil iompair, agus modhnú infheistíochta 1.B.3 á fhrithchothromú. ('Busanna astaíochtaí nialasacha') den phlean téarnaimh agus athléimneachta tosaigh (Moltaí tírshonracha 2019.3.3., 2020.3.6., 2023.4.5.)..

(34) Maidir leis na príomhathruithe a rinneadh leis an athbhreithniú ar an bplean, leis an modhnú ar infheistíocht 1.A.3 ('an bhochtaineacht fuinnimh a chomhrac') athdhearadh sprioc agus cineál chomhthiomsú na bhfaighteoir. Mar sin féin, meastar go ndíreofar an beart nua ar bhealach níos fearr ar dhaoine a bhíonn thíos leis an mbochtaineacht

fuinnimh. Thairis sin, maidir le sprioc fhoriomlán chomhpháirt 1.A. (An Rabharta Athchóiriúcháin) maidir leis an aistriú glas a chur chun cinn, lena n-áirítear tríd an aistriú chuig téamh níos inbhuanaithe agus níos inacmhainne (Moltaí tírshonracha 2019.3.3., 2020.3.7., 2022.4.3., 2023.4.4.), tugtar aghaidh air go leordhóthanach i gcónaí uirthi trí dhá sprioc maidir le malartú córas téimh ola agus gáis a thús-ualú (1.A.2). Ar an gcaoi chéanna, an laghdú ar an sprioc maidir le hacmhainneacht táirgeachta hidrigine in-athnuaite a shuiteáil (sprioc 40, athchóiriú 1.D.1. (An Dlí um Méadú ar Fhoinsí Fuinnimh In-athnuaite)), cúitítear é leis an méadú ar an sprioc maidir le hacmhainneacht bhreise ó fhoinsí in-athnuaite, rud a chaomhnaíonn an uaillmhian fhoriomlán maidir le táirgeadh fuinnimh in-athnuaite a mhéadú (Moltaí tírshonracha 2019.3.3., 2020.3.7., 2022.4.1., 2022.4.2., 2023.4.1. agus 2023.4.2., 2023.4.3.). Léirítear leis na modhnuithe agus moilleanna maidir le hinfheistíocht 1.D.2. (An tionscal a aistriú i dtreo aeráidneodrachta) an gá atá le hord tosaíochta a leagan síos, ag déileáil le tionchar chogadh foghach na Rúise faoin Úcráin ar phraghsanna agus ar sholáthar fuinnimh, agus ar an dóigh sin díreofar ar bhealach níos fearr ar an tsraith is déanaí de na moltaí tírshonrach maidir le fuinneamh (2022.4.1., 2022.4.2., 2023.4.1. agus 2023.4.2). Maidir le haghaidh a thabhairt ar infheistíochtaí san aistriú digiteach agus i moltaí tírshonracha 2019.3.2., 2020.3.5. agus 2020.2.2., leis na modhnuithe ar infheistíocht 2.A.2. (Infhaighteacht fhorleathan líonraí rochtana Gigighiotán-chumasaithe agus naisc nua shiméadracha Gigighiotán a chruthú), maidir leis an sprioc maidir le líon na dteaghlach ag a bhfuil rochtain ar leathanbhanda a laghdú, caomhnaítear an uaillmhian aghaidh a thabhairt ar an aistriú digiteach, ós rud é go bhfuil méid na hinfheistíochta san aistriú digiteach i bplean téarnaimh agus athléimneachta na hOstaire (atá i bhfad os cionn na sprice 20 %) fós ard go leor. Ina theannta sin, caomhnaíodh leis an bplean modhnaithe an uaillmhian maidir le rochtain fheabhsaithe ar oideachas agus ar bhunscileanna (moltaí tírshonracha 2019.2.4., 2020.2.1., 2020.2.2., 2023.3.2.) trí thrí gharsprioc nua lena bhfeabhsaítear cáilíocht agus inrochtaineacht an oideachais scoile san Ostair a chur in ionad spriocanna na ndaltaí a cuireadh chun cinn go dtí an chéad ghrád eile agus spriocanna na ndaltaí a bhfuil cúlra imirceach ag baint leo i ndiaidh dóibh céim mheánleibhéil II faoi athchóiriú 3.C.1 (Rochtain fheabhsaithe ar oideachas) a bhaint amach.

***Gan dochar suntasach a dhéanamh***

(35) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (d) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.4 d’Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go n- áiritheoidh leis an bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe lena n- áirítear caibidil REPowerEU nach ndéanfaidh aon bheart (Rátáil A) maidir le cur chun feidhme na n- athchóirithe agus na dtionscadal infheistíochta a áirítear sa Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta sin dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] (an prionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’).

(36) Na hathruithe a tugadh isteach trí bhearta trí mhodhnú a dhéanamh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta, ní dhéanann siad difear don mheasúnú ar chomhlíonadh an phrionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ a rinneadh don phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh, toisc nach n-athraítear substaint na mbeart leo.

---

[3] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

(37) Maidir leis na bearta a tugadh isteach le caibidil REPowerEU, rinne an Ostair measúnú córasach ar gach beart i gcomhréir le treoir theicniúil an Choimisiúin maidir le cur i bhfeidhm an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh' faoin Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (2021/C58/01). Le hathchóiriú an Achta náisiúnta um Measúnacht Tionchair Timpeallachta (5.A.1) cuíchóirítear na nósanna imeachta ceadaithe le haghaidh tionscadail fuinnimh in-athnuaite agus is é is aidhm dó cosaint ithreach a neartú trí úsáid talún iomarcach a sheachaint. Tacaíonn Straitéis Hidrigine na hOstaire (5.A.2) le dícharbónú an chórais fuinnimh agus is é is aidhm di spleáchas na hOstaire ar allmhairí breoslaí iontaise a laghdú. Cé nach dtacaíonn sé ach le táirgeadh hidrigine in-athnuaite san Ostair, tá bearta ann freisin lena bhféadfaí hidrigin ísealcharbóin a úsáid faoi choinníollacha diana lena n-áiritheofar go ndéantar astaíochtaí gás ceaptha teasa a dheighilt agus a ghabháil go hiomlán. Ina theannta sin, agus na gníomhaíochtaí a leagtar síos sa Straitéis Hidrigine á gcur chun feidhme aici, mhínigh an Ostair go n-áiritheoidh sí go gcomhlíonfar na critéir maidir le húsáid inbhuanaithe agus cosaint uisce a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/2139[4]. Cé go laghdaítear leis an infheistíocht i gcórais fhótavoltacha (5.B.1) astaíochtaí gás ceaptha teasa, dírítear í freisin ar shuiteálacha go heisiach ar fhoirgnimh chun úsáid bhreise talún a sheachaint. Leis an infheistíocht a thacaíonn leis an méadú ar fheithiclí tráchtála astaíochtaí nialasacha agus leis an mbonneagar gaolmhar (5.B.2) cuirtear le dícharbónú na hearnála iompair agus ceanglófar ar fhaighteoirí Rialachán (AE) 2021/2139 a chomhlíonadh. Cuirtear iallach leis an dá infheistíocht ar fhaighteoirí caighdeáin uaillmhianacha a urramú maidir le hath-inúsáidteacht agus in-athchúrsáilteacht.

***Rannchuidiú le cuspóirí REPowerEU***

(38) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (da), d'Iarscríbhinn V, critéar 2.12, a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241, meastar go gcuideoidh caibidil REPowerEU go héifeachtach agus go mór (Rátáil A) leis an tslándáil fuinnimh, le méadú ar ghlacadh foinsí in-athnuaite, le méadú ar acmhainneachtaí stórála fuinnimh nó leis an laghdú is gá ar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise roimh 2030.

(39) Is é is aidhm don athchóiriú ar an dlí náisiúnta um measúnú tionchair ar an gcomhshaol dlús a chur le ceadú tionscadal fuinnimh in-athnuaite. Meastar go méadófar sciar na bhfoinsí in-athnuaite i meascán fuinnimh na hOstaire, rud a chuirfidh le cuspóir REPowerEU dlús a chur le húsáid fuinnimh in-athnuaite, i gcomhréir le hAirteagal 21c(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/241. Leis an athchóiriú (i) tugtar isteach simplithe éagsúla nós imeachta, (ii) meastar go bhfuil infheistíochtaí i bhfuinneamh in-athnuaite ina dtionscadail lena mbaineann leas pobail thar a bheith ard (iii) laghdaítear fad na nósanna imeachta ceadaithe ar leibhéal riaracháin agus breithiúnach agus (iv) méadaítear úsáid uirlisí leictreonacha.

(40) Foráiltear leis an Straitéis Hidrigine náisiúnta do chreat beartais agus rialála nua lena ndíreofar ar (i) táirgeadh hidrigine in-athnuaite agus úsáid hidrigine a mhéadú in earnálacha atá deacair a dhícharbónú, (ii) acmhainn leictrealóra 1 GW a shuiteáil san Ostair faoi 2030 agus (iii) bonneagar hidrigine a fhorbairt lena n-éascófar allmhairí

[4] Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 ón gCoimisiún an 4 Meitheamh 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na critéir scagtha theicniúla a bhunú chun na coinníollacha a chinneadh faoina gcáilíonn gníomhaíocht eacnamaíoch mar rannchuidiú substaintiúil le maolú ar an athrú aeráide nó le hoiriúnú don athrú aeráide agus chun a chinneadh an ndéantar dochar suntasach leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch sin d'aon cheann de na cuspóirí comhshaoil eile (IO L 442, 9.12.2021, lch. 1)

hidrigine, rud a chuirfidh le cuspóir REPowerEU maidir le dlús a chur le húsáid fuinnimh in-athnuaite, i gcomhréir le hAirteagal 21c (3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/241.

(41) Leis an infheistíocht lena ndreasaítear glacadh an ghrianfhuinnimh i bhfoirgnimh, tacaítear le córais fhótavoltacha a shuiteáil (le stóráil leictreachais nó gan stóráil leictreachais) agus dá bhrí sin cuirtear le cuspóir REPowerEU maidir le dlús a chur le húsáid fuinnimh in-athnuaite, i gcomhréir le hAirteagal 21c (3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/241.

(42) Leis an infheistíocht mhéadaithe i bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha agus ina mbonneagar, meastar go laghdófar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus astaíochtaí truailleán aeir a bhaineann le trácht ar bhóithre, agus dá bhrí sin go gcuirfidh sí le cuspóir REPowerEU maidir le tacú le hiompar astaíochtaí nialasacha agus lena bhonneagar, i gcomhréir le hAirteagal 21c (3), pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/241.

(43) Leis na bearta a áirítear i gcaibidil REPowerEU, neartaítear na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a áirítear i bplean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh na hOstaire agus tá siad ag teacht freisin le bearta eile arna nglacadh ag an Ostair lasmuigh den phlean téarnaimh agus athléimneachta, lena ndírítear ar a soláthar fuinnimh, ar an méadú ar fhuinneamh in-athnuaite agus ar éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh agus tionscail a áirithiú.

(44) Tugtar aghaidh freisin i gcaibidil REPowerEU ar an ngá atá le héagsúlú ó bhreoslaí iontaise trí dhlús a chur le húsáid fuinnimh in-athnuaite agus trí thacú le forbairt bonneagair hidrigine, rud a mhéadóidh slándáil sholáthar fuinnimh na hOstaire.

***Bearta a bhfuil gné nó éifeacht trasteorann nó ilnáisiúnta ag baint leo***

(45) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (db) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.13 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go mbeidh gné nó éifeacht trasteorann nó ilnáisiúnta go mór (Rátáil A) ag baint leis na bearta a áirítear i gcaibidil REPowerEU.

(46) Na bearta arb é is aidhm dóibh (i) dlús a chur le ceadú tionscadal fuinnimh in-athnuaite, (ii) táirgeadh agus úsáid hidrigine a mhéadú, agus (iii) tacú le hinfheistíochtaí i gcórais fhótavoltacha, meastar go gcuirfidh na bearta sin uile le táirgeadh foinsí in-athnuaite a mhéadú agus leis an mbonneagar stórála agus tarchurtha is gá a fhorbairt, agus ar an dóigh sin, an t-éileamh ar bhreoslaí iontaise a laghdú.

(47) Is ionann costais iomlána na mbeart sin agus EUR 140,304,520 ar an iomlán, arb ionann é sin agus níos mó ná 66 % de chostais mheasta chaibidil REPowerEU, rud a sháraíonn an sprioc tháscach de 30 %.

(48) I bhfianaise shuíomh geografach lárnach na hOstaire agus a hidirnascairí leictreachais agus gáis leis na Ballstáit máguaird, táthar ag súil go laghdófar leis na hathchóirithe agus leis an infheistíocht a áirítear i gcaibidil REPowerEU an spleáchas ar fhuinneamh ar bhreoslaí iontaise chomh maith leis an éileamh ar fhuinneamh, agus dá bhrí sin, go gcuirfear go mór le feabhas a chur ar shreafaí fuinnimh trasteorann agus ar shlándáil sholáthar fuinnimh an Aontais.

***Rannchuidiú leis an aistriú glas lena n- áirítear an bhithéagsúlacht***

(49) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU a chuireann go mór (Rátáil A) leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó lena dtugtar

aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as sin. Na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide, tá suim airgid ag gabháil leo is ionann agus 56 % de leithdháileadh iomlán an phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta agus 100 % de chostais mheasta iomlána na mbeart i gcaibidil REPowerEU arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán sin. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n- áirítear caibidil REPowerEU comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide 2021–2030.

(50) Tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe a chuireann go héifeachtach leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, ach níl tionchar ag modhnuithe na mbeart atá ann cheana ar uaillmhian fhoriomlán an phlean. Léirítear tuilleadh iarrachtaí i gcaibidil REPowerEU chun an spleáchas ar fhuinneamh iontaise a laghdú trí dhlús a chur le húsáid fuinnimh in-athnuaite agus, dá bhrí sin, dlús a chur leis an aistriú glas.

(51) Trí (i) simplithe struchtúracha a thabhairt isteach lena ndéantar na nósanna imeachta ceadaithe do thionscadail fuinnimh in-athnuaite a chuíchóiriú, (ii) forálacha lena neartaítear cosaint na hithreach, (iii) creat beartais agus rialála nua lena n-éascaítear táirgeadh agus úsáid níos mó hidrigine in-athnuaite, agus (iv) dreasachtaí le haghaidh infheistíochta i bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha agus i ngrianfhuinneamh ar fhoirgnimh, ag brath ag an am céanna ar threalamh lena mbaineann ardmharthanacht agus in-ard-athchúrsáilteacht, táthar ag súil go mbeidh tionchar dearfach marthanach ag na hathchóirithe agus ag na hinfheistíochtaí i gcaibidil REPowerEU.

(52) Cuireann na bearta i gcaibidil REPowerEU le sprioc aeráide 2030 a bhaint amach agus leis an gcuspóir aeráidneodrachta an Aontais a bhaint amach faoi 2050 toisc gurb é is aidhm dóibh tacú le táirgeadh hidrigine in-athnuaite, glacadh an fhuinnimh in-athnuaite a dhreasú, agus astaíochtaí carbóin a laghdú san earnáil iompair.

***Rannchuidiú leis an aistriú digiteach***

(53) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe a chuireann go mór leis an aistriú digiteach nó lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le méid arb ionann é agus 36 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán sin.

(54) Tá an measúnú dearfach ar an rannchuidiú leis an aistriú digiteach dá bhforáiltear le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 fós bailí. Is éard atá i gceist leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe modhnuithe ar cheithre bheart a bhaineann leis an aistriú digiteach: infheistíocht 2.A.2 (Infhaighteacht fhorleathan líonraí rochtana Gigighiotán-chumasaithe agus naisc nua shiméadracha Gigighiotán a chruthú), infheistíocht 2.B.2 (Gléasanna digiteacha úsáideora deiridh a sholáthar do dhaltaí), infheistíocht 2.C.2 (riarachán poiblí an chiste don digitiú) agus infheistíocht 2.D.2 (Infheistíochtaí digiteacha i bhfiontair agus infheistíocht) faoi chomhchuid 2 (Téarnamh Digiteach), agus ní áirítear léi bearta nua a rannchuidíonn leis an aistriú digiteach. Cé gur laghdaíodh leis na modhnuithe thuasluaite, mar aon leis an ranníocaíocht uasta airgeadais mhéadaithe, ranníocaíocht dhigiteach an phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe go 36 %, tá an ranníocaíocht dhigiteach fós i bhfad os cionn na sprice 20 % a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointe (f) de Rialachán (AE) 2021/241.

(55) Cuireann an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe go mór fós leis an aistriú digiteach san Ostair, go háirithe trí thacú le húsáid fhorleathan líonraí rochtana Gigighiotán-chumasaithe, trí ghnólachtaí agus riarachán poiblí a dhigitiú, trí ghléasanna digiteacha a sholáthar do dhaltaí agus trí ardscileanna digiteacha agus ardteicneolaíochtaí digiteacha a fhorbairt, amhail ríomhaireacht chandamach agus micrileictreonaic.

***Tionchar buan***

(56) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (g), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.7 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go mbeidh tionchar buan láidir (Rátáil A) ag an bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU ar an Ostair.

(57) Sa mheasúnú tosaigh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (g), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.7 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, fuarthas go raibh coinne leis go mbeadh tionchar buan láidir (Rátáil A) ag an bplean téarnaimh agus athléimneachta ar an Ostair.

(58) Ní laghdaítear leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe uaillmhian an phlean tosaigh ina iomláine, agus táthar ag súil go mbeidh tionchar buan ag infheistíochtaí suntasacha go háirithe maidir leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach. Cuirtear san áireamh ann an méadú láidir gan choinne ar bhoilsciú, suaitheadh na slabhraí soláthair chomh maith le tionchar fada ghéarchéim COVID -19. Áirítear leis freisin caibidil nua REPowerEU a mheastar, sa bhreis ar na bearta atá ann cheana, go mbeidh éifeachtaí dearfacha marthanacha aige ar gheilleagar na hOstaire agus go gcuirfear borradh breise faoina aistriú glas. Go sonrach, táthar ag súil go gcuirfidh bearta REPowerEU leis an aistriú glas trí úsáid an bhonneagair fuinnimh in-athnuaite a mhéadú agus a luathú agus tríd an earnáil iompair a dhícharbónú. Táthar ag súil freisin go mbeidh tionchar fadtéarmach ag na hathchóirithe i gcaibidil REPowerEU ar an Ostair trí nósanna imeachta ceadaithe le haghaidh foinsí in-athnuaite fuinnimh a shimpliú agus a chuíchóiriú agus trí tháirgeadh agus glacadh na hidrigine in-athnuaite a mhéadú.

***Faireachán agus cur chun feidhme***

(59) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (h) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.8 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, is leormhaith (Rátáil A) na socruithe atá beartaithe sa phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU chun faireachán agus cur chun feidhme éifeachtach an phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a áirithiú, lena n-áirítear an tráthchlár, na garspriocanna agus na spriocanna atá beartaithe, agus na táscairí gaolmhara.

(60) Fuarthas sa mheasúnú tosaigh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (h), agus le hIarscríbhinn V, critéar 2.8, a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241 go bhfuil na socruithe a beartaíodh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leordhóthanach (Rátáil A) chun faireachán agus cur chun feidhme éifeachtach an phlean a áirithiú, lena n-áirítear an tráthchlár, na garspriocanna agus na spriocanna atá beartaithe, agus na táscairí gaolmhara.

(61) Níl tionchar ag cineál agus méid na modhnuithe atá beartaithe ar phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta na hOstaire ar an measúnú a rinneadh roimhe seo ar fhaireachán éifeachtach agus ar chur chun feidhme éifeachtach an phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta. Tá na garspriocanna agus na spriocanna a ghabhann leis na bearta modhnaithe, lena n-áirítear na cinn i gcaibidil REPowerEU, soiléir agus

réalaíoch agus tá na táscairí atá beartaithe le haghaidh na ngarspriocanna agus na spriocanna sin ábhartha, inghlactha agus láidir.

***Costáil***

(62) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá an réasúnú a thugtar sa phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n- áirítear caibidil REPowerEU maidir le méid na gcostas iomlán measta a bhaineann leis an bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, measartha réasúnta agus inchreidte (Rátáil B), tá sé i gcomhréir le prionsabal na cos- éifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(63) Maidir leis an measúnú costála ar an bplean bunaidh, sholáthair an Ostair meastacháin costais aonair maidir leis na bearta go léir. Measadh go raibh formhór na meastachán costais inchreidte, agus go raibh bunús leo le costais tagartha le haghaidh na bpríomhspreagthaí costais, le tacaíocht ó fhianaise shoiléir agus i gcomhréir le hathchóirithe nó infheistíochtaí inchomparáide. Bhí an réasúnú a tugadh sa phlean bunaidh i ndáil le méid chostais mheasta iomlána an phlean téarnaimh agus athléimneachta measartha réasúnta agus inchreidte agus bhí sé i gcomhréir le prionsabal na cos-éifeachtúlachta agus i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta agus fuair sé rátáil 'B' an tráth sin.

(64) Tá faisnéis mhionsonraithe curtha ar fáil ag an Ostair maidir le costais a bhaineann leis na bearta modhnaithe go léir, chomh maith leis na hinfheistíochtaí nua agus méadaithe i gcaibidil REPowerEU. Tá costais mheasta na mbeart a áirítear i gcaibidil REPowerEU i gcomhréir le saghas agus cineál na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí atá beartaithe, agus tá fianaise agus staidéir nithiúla chostála ag gabháil leo. Bhí údar cuí le hathruithe sna meastacháin chostais le haghaidh bearta leasaithe agus bhí siad comhréireach agus dá bhrí sin níor athraíodh réasúnaíocht agus inchreidteacht na meastachán costais sin i gcomparáid leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh. Thug an Ostair údar mionsonraithe leis na leasuithe atá beartaithe, mar aon le sonraí maidir le cur chun feidhme tionscadal nuair ab fhéidir. Tá údar maith le formhór chostais na mbeart nua agus modhnaithe, tá siad réasúnta, inchreidte agus ní áirítear leo costais a chumhdaítear le maoiniú an Aontais atá ann cheana nó atá beartaithe. I gcásanna áirithe, bhí teorainn leis na sonraí maidir leis an modheolaíocht agus na toimhdí a úsáideadh chun na meastacháin chostais a dhéanamh, mar gheall i bpáirt, ar úrnuacht na mbeart, rud a chuireann bac ar rátáil A faoin gcritéar measúnaithe sin. Ar deireadh, tá costas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le prionsabal na cos-éifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

***Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint***

(65) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (j) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.10 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, na socruithe atá beartaithe sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU agus na bearta breise atá sa Chinneadh seo, is leormhaith iad (Rátáil A) chun éilliú, calaois agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú agus úsáid á baint as na cistí a sholáthraítear faoin Rialachán sin, agus táthar ag súil leis na socruithe go ndéanfar maoiniú dúbailte ón tSaoráid agus ó chláir eile an Aontais a sheachaint ar bhealach éifeachtach. Tá an méid sin gan dochar do chur i bhfeidhm ionstraimí agus uirlisí eile chun comhlíonadh dhlí an Aontais a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear chun éilliú, calaois agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a

cheartú, agus chun buiséad an Aontais a chosaint i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5].

(66) Sa mheasúnú bunaidh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (j) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.10 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, cinneadh go raibh na socruithe atá beartaithe sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leormhaith (Rátáil A) chun éilliú, calaois agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú agus úsáid á baint as na cistí a sholáthraítear faoin Rialachán sin, agus go rabhthas ag súil leis na socruithe go ndéanfaí maoiniú dúbailte ón tSaoráid agus ó chláir eile an Aontais a sheachaint ar bhealach éifeachtach.

(67) Ó rinneadh an measúnú bunaidh, bhí rochtain ag an gCoimisiún ar fhaisnéis maidir le cur chun feidhme iarbhír chóras iniúchóireachta agus rialaithe na hOstaire. Áirítear leis sin réamhthorthaí na hiniúchóireachta ar chosaint leasanna airgeadais an Aontais (PFIU) arna ndéanamh ag an gCoimisiún san Ostair.

(68) I bhfianaise na faisnéise sin, measann an Coimisiún go bhfuil córas rialaithe inmheánaigh phlean téarnaimh agus athléimneachta na hOstaire leordhóthanach ar an iomlán, ach tá roinnt easnamh ann nach mór aghaidh a thabhairt orthu trí gharspriocanna tiomnaithe iniúchóireachta agus rialaithe. Baineann siad sin le laige i dtaifeadadh na sonraí a cheanglaítear le hAirteagal 22 (2) d (i) – (iii) de Rialachán RRF, leis na seiceálacha ar chistiú dúbailte, i gcoinne maoiniú ó chláir eile de chuid an Aontais freisin, agus le doiciméadacht na seiceálacha sin. An córas rialaithe inmheánaigh a bhfuil tuairisc air i bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe na hOstaire agus na bearta breise atá sa Chinneadh seo, lena n-áirítear maidir le bailiú agus cur ar fáil sonraí faoi fhaighteoirí deiridh, is leordhóthanach iad i ndáil le héilliú, calaois agus coinbhleacht leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú agus úsáid á baint as na cistí faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus chun maoiniú dúbailte ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus ó chláir eile an Aontais a sheachaint.

(69) Ba cheart garsprioc bhreise maidir le hiniúchóireacht agus rialú a thabhairt isteach. Chun cur chun feidhme éifeachtach beart comhréireach a áirithiú chun leasanna airgeadais an Aontais (PFIU) a chosaint i gcomhréir le hAirteagal 22 de Rialachán RRF, ba cheart comhaontuithe atá ceangailteach ó thaobh dlí a shíniú idir na comhlachtaí freagracha ar an leibhéal cónaidhme agus na comhlachtaí cur chun feidhme atá freagrach go hiomlán nó go páirteach as cur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta. I gcomhaontuithe dá leithéid, ba cheart go leagfaí amach oibleagáid ar na comhlachtaí cur chun feidhme sin maidir le (a) rochtain ar na sonraí a cheanglaítear le hAirteagal 22 (2) (d) (i) - (iii) o de Rialachán RRF a bhailiú agus a áirithiú agus (b) rialuithe iomchuí a dhéanamh ar mhaoiniú dúbailte idir an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus cláir eile de chuid an Aontais agus na rialuithe sin a dhoiciméadú. I gcás ina bhfuil na hoibleagáidí thuasluaite ina gceanglais dhlíthiúla cheana féin níl aon chomhaontú ceangailteach ó thaobh dlí riachtanach.

***Comhleanúnachas an phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta***

(70) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (k) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.11 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, cuimsítear go mór (Rátáil A) sa phlean

[5] Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 1).

náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, bearta le haghaidh cur chun feidhme athchóirithe agus tionscadail infheistíochta phoiblí ar gníomhaíochtaí comhleanúnacha iad.

(71) Tá an plean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh bunaithe ar cheithre chomhpháirt ina mbaineann bearta infheistíochta agus athchóirithe chun cur leis an aidhm uileghabhálach aghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus ar dhúshláin struchtúracha fhadtéarmacha a d'éirigh níos géire le linn ghéarchéim COVID-19. Ina theannta sin, tá na hinfheistíochtaí agus na hathchóirithe leabaithe i gcreat comhleanúnach chun geilleagar na hOstaire a dhéanamh oiriúnach don todhchaí, go háirithe maidir leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, leis an nuálaíocht, leis iomaíochas agus leis an gcomhtháthú sóisialta. Thángthas ar an gconclúid sa mheasúnú bunaidh gur cuimsíodh go mór (Rátáil A) sa phlean téarnaimh agus athléimneachta bearta le haghaidh cur chun feidhme athchóirithe agus tionscadal infheistíochta poiblí ar gníomhaíochtaí comhleanúnacha iad.

(72) Leasaítear leis an modhnú na ceithre chomhpháirt atá ann cheana, agus soláthraítear leis comhpháirt bhreise ($5^{ú}$), de chomhpháirt REPowerEU. Leis na na modhnuithe a rinneadh ar na comhpháirteanna atá ann cheana, ní athraítear comhleanúnachas foriomlán an phlean, agus an dóigh lena neartaítear na comhpháirteanna a chéile agus lena comhlánaítear a chéile leo á cur san áireamh. Leis an gcomhpháirt bhreise a bhaineann le cuspóirí REPowerEU, soláthraítear sraith bhreise chomhleanúnachais toisc go gcuimsítear léi bearta chun an laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a threisiú tuilleadh agus chun úsáid fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn, rud atá thar a bheith tábhachtach i gcomhthéacs spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú. Níl aidhmeanna contrártha ná éifeachtaí diúltacha féideartha ar a chéile ag baint leis na modhanna.

*Aon chritéir mheasúnaithe eile*

(73) Measann an Coimisiún nach ndéanann na modhnuithe a chuir an Ostair chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ST 10159/21 ón gComhairle; ST 10159/21 ADD 1; ST 10159/21 COR 1 an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hOstaire i ndáil le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (c).

*An próiseas comhairliúcháin*

(74) Mar ullmhúchán don phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, rinne údaráis na hOstaire comhairliúchán leathan lena n-áirítear comhpháirtithe sóisialta, údaráis áitiúla agus réigiúnacha, eagraíochtaí sochaí sibhialta agus páirtithe leasmhara ábhartha eile, go háirithe mar chuid den phróiseas chun an Clár Náisiúnta um Athchóiriú a ullmhú ó mhí Feabhra go dtí mí Aibreáin 2023. Ina theannta sin, thionóil na húdaráis comhairliúchán poiblí ar líne i mí an Mhárta 2023. Fógraíodh an comhairliúchán sin go poiblí ar an suíomh gréasáin atá tiomnaithe do phlean téarnaimh agus athléimneachta na hOstaire, leis na comhpháirtithe sóisialta, le páirtithe leasmhara ábhartha na n-eagraíochtaí sochaí sibhialta, le heagraíochtaí don óige chomh maith le hionadaithe ó údaráis réigiúnacha agus áitiúla ar iarradh go sonrach orthu tograí a chur isteach. I ndiaidh an chomhairliúcháin sin, rinne na húdaráis an t-aiseolas, lena n-áirítear ionchuir i scríbhinn a fuarthas mar chuid den chomhairliúchán poiblí, a chomhtháthú sa phlean

téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe. Glacadh le roinnt moltaí ó na húdaráis bhardasacha agus réigiúnacha chomh maith le páirtithe leasmhara ábhartha eile, mar shampla maidir le feithiclí tráchtála astaíochtaí nialasacha. Go sonrach, léirítear leis na hinfheistíochtaí agus na hathchóirithe i gcaibidil REPowerEU torthaí an chomhairliúcháin phoiblí den chuid is mó.

***Measúnú dearfach***

(75) I ndiaidh an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún maidir leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta lena n- áirítear caibidil REPowerEU agus an toradh a bhí air, mar atá, go comhlíonann an plean na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n- áirítear caibidil REPowerEU, na garspriocanna, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid arna chur ar fáil ón Aontas i bhfoirm tacaíocht airgeadais neamh- iníoctha le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n- áirítear caibidil REPowerEU a leagan amach.

***Ranníocaíocht airgeadais***

(76) Is é EUR 4,187,412,730 costais mheasta iomlán phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na hOstaire, caibidil REPowerEU san áireamh. Ós rud é go bhfuil méid chostais iomlána mheasta an phlean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil don Ostair, ba cheart an ranníocaíocht airgeadais arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 11 arna leithdháileadh ar phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na hOstaire lena n-áirítear caibidil REPowerEU a bheith comhionann le méid iomlán na ranníocaíochta airgeadais atá ar fáil do phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na hOstaire lena n-áirítear caibidil REPowerEU. EUR 3 750 853 030 atá sa mhéid sin[6].

(77) De bhun Airteagal 21a(5) de Rialachán (AE) 2021/241, an 14 Iúil 2023 chuir an Ostair iarraidh isteach ar leithdháileadh an ioncaim dá dtagraítear in Airteagal 21a (1) den Rialachán sin, arna chomhroinnt idir na Ballstáit ar bhonn na dtáscairí a leagtar amach sa mhodheolaíocht in Iarscríbhinn Iva a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. Is é EUR 210,304,520 costas measta iomlán na mbeart dá dtagraítear in Airteagal 21c(3), pointí (b) go (f) a áirítear i gcaibidil REPowerEU. Ós rud é go bhfuil an méid sin cothrom leis an sciar leithdháilte atá ar fáil don Ostair, ba cheart go mbeadh an tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha bhreise atá ar fáil don Ostair cothrom leis an sciar leithdháilte. EUR 210,304,520 atá sa mhéid sin.

(78) Ba cheart go mbeadh ranníocaíocht airgeadais iomlán de EUR 3,961,157,550 ar fáil don Ostair.

***Réamh- mhaoiniú REPowerEU***

(79) D'iarr an Ostair an maoiniú seo a leanas chun a caibidil REPowerEU a chur chun feidhme: EUR 210,304,520 ón ioncam ón gCóras Trádála Astaíochtaí faoi Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

6 Comhfhreagraíonn na méideanna sin don leithdháileadh airgeadais i ndiaidh sciar comhréireach na hOstaire de speansais Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht Airteagal 11 den Rialachán sin.

(80) I gcás na méideanna sin, de bhun Airteagal 21d de Rialachán (AE) 2021/241, an 14 Iúil 2023 d'iarr an Ostair réamh-mhaoiniú 20 % den mhaoiniú a iarradh. Faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil, ba cheart an réamh-mhaoiniú sin a chur ar fáil don Ostair faoi réir theacht i bhfeidhm, agus de réir comhaontú atá le tabhairt i gcrích idir an Coimisiún agus an Ostair de bhun Airteagal 23(1) de Rialachán (AE) 2021/241 (an 'comhaontú maoinithe').

(81) Cinneadh Cur Chun Feidhme ST 10159/21 ón gComhairle; ST 10159/21 ADD 1; ST 10159/21 COR 1 an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta don Ostair agus ba cheart é a leasú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin a athrú go hiomlán,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) ST 10159/21; ST 10159/21 ADD 1; Leasaítear ST 10159/21 COR 1 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

"*Airteagal 1*

*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na hOstaire a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh sin na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta faoin bplean, na socruithe agus an t-amchlár i ndáil le faireachán a dhéanamh ar an bplean agus é a chur chun feidhme, lena n-áirítear na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na ngarspriocanna agus na spriocanna beartaithe, agus na socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.';

(2) In Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

'1. Cuirfidh an tAontas ranníocaíocht airgeadais ar fáil don Ostair i bhfoirm tacaíochta neamh-inaisíoctha dar luach EUR 3 961 157 550[7]. Áirítear ar an ranníocaíocht sin:

(a) beidh suim EUR 2,230,734,344 ar fáil lena gealladh go dlíthiúil faoin 31 Nollaig 2022;

(b) beidh méid eile EUR 1 520 118 686 ar fáil lena gealladh go dlíthiúil ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023;

(c) suim EUR 210,304,520[8], i gcomhréir le hAirteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241, go heisiach le haghaidh bearta dá dtagraítear in Airteagal 21c den Rialachán sin, cé is moite de na bearta dá dtagraítear in Airteagal 21c (3), pointe (a).

---

7 Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na hOstaire de speansais Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht Airteagal 11 den Rialachán sin.

8 Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na hOstaire de speansais Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht Iarscríbhinn IVa a ghabhann leis an Rialachán sin.

2. Cuirfidh an Coimisiún ranníocaíocht airgeadais an Aontais ar fáil don Ostair i dtráthchodanna i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo. Cuirfear suim EUR 449 981 847 ar fáil mar réamh-mhaoiniú i gcomhréir le hAirteagal 13 de Rialachán (AE) 2021/241.

Cuirfear suim EUR 42,060,904 ar fáil mar réamh- mhaoiniú i gcomhréir le hAirteagal 21d de Rialachán (AE) 2021/241. Féadfaidh an Coimisiún réamh- mhaoiniú a eisíoc i suas le dhá íocaíocht.

Féadfaidh an Coimisiún an réamh- mhaoiniú agus na tráthchodanna a íoc i dtráinse amháin nó i roinnt tráinsí. Beidh méid na dtráinsí faoi réir infhaighteacht an mhaoinithe.';

(3) Cuirtear an téacs san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne:

*Airteagal 2*
*Seolaithe*

Is chuig Poblacht na hOstaire a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*